Aonad 2

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Conas a Dhéantar Cánacha

## Bileog Oibre le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí 2 Freagraí



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**1.** Cuir isteach na focail atá ar iarraidh sna habairtí seo thíos.

**a.** Úsáidtear cánacha **Peacaí** gan daoine a spreagadh chun gníomhaíochtaí a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith díobhálach don **tsochaí**. Úsáideann an rialtas an t-airgead ó na cánacha seo chun réimse **earraí** agus **seirbhísí** a chur ar fáil. Sampla den chineál seo cánach ná an Cháin ar **Dheochanna** Siúcra-Mhilsithe.

**b.** Úsáidtear an t-ioncam ó chánacha **Pigou** chun tionscnaimh ar leith a mhaoiniú a laghdaíonn an tionchar diúltach ar an rud ar a ngearrtar cáin. Sampla den chineál seo cánach ná an Tobhach ar **Mhálaí** Plaisteacha.

**2.** Léigh an t-eolas seo thíos agus freagair na ceisteanna.

> Tugadh an Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha isteach in 2002. Ghearr gnóthaí tobhach 15c ar mhálaí plaisteacha ag an bpointe díolacháin. Roimh an tobhach seo, bhí tomhaltóirí ábalta málaí plaisteacha a fháil saor in aisce agus iad ag ceannach earraí, m.sh. éadaí, bia agus deochanna. Chun aird a tharraingt ar na buntáistí comhshaoil a bhaineann le laghdú a dhéanamh ar dhramhaíl ó mhálaí plaisteacha, seoladh feachtas poiblíochta a chosain €358,000.
>
> Sular tugadh an tobhach seo isteach, meastar gur dháil gnóthaí in Éirinn os cionn 1.2 billiún mála plaisteach saor in aisce – b'ionann é agus 328 mála an duine in aghaidh na bliana in Éirinn.
>
> Ta tobhach 22c ar gach mála plaisteach anois agus deirtear go bhfuil laghdú 95% ar úsáid bruscar málaí plaisteacha. Bailíonn miondíoltóirí an tobhach thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim agus íoctar é isteach i gCiste Comhshaoil a úsáidtear chun tacú le tionscadail chomhshaoil, m.sh. ionaid athchúrsála cathartha a oibriú, clár na Scoileanna Glasa agus feachtais feasachta dramhaíola.

**a.** In áit málaí plaisteacha a cheannach i siopaí, ainmnigh **dhá** rogha eile is féidir le tomhaltóirí a úsáid agus iad ag siopadóireacht.

- Málaí in-athúsáidte / málaí cadáis, canbháis nó mogalra / boscaí cairtchláir

**b.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a cheapann tú go raibh tionchar dearfach / diúltach ag an tobhach ar mhálaí plaisteacha nuair a tháinig sé isteach ó thaobh na heacnamaíochta, an chomhshaoil agus cúrsaí sóisialta de.

I measc na gcúiseanna, tá:

| | |
|---|---|
| 1. | Laghdú ar an méid dramhaíola ó mhálaí plaisteacha a théann chuig láithreán líonadh talún in Éirinn |
| 2. | Laghdú ar an méid damáiste a dhéantar d'ainmhithe agus do phlandaí de bharr dramhaíl málaí plaisteacha |
| 3. | Méadú ar na cistí atá ar fáil chun feachtais feasachta comhshaoil a chruthú |
| 4. | Feachtas le tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir le damáiste a dhéanann dramhaíl málaí plaisteacha agus chun iad a spreagadh chun a nósanna a athrú, m.sh. málaí siopadóireachta in-athúsáidte a úsáid |
| 5. | Ualach riaracháin níos mó ar na miondíoltóirí, caithfidh siad an tobhach a bhailiú ó thomhaltóirí agus é a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim |

**c.** Tabhair breac-chuntas ar thionscnamh **amháin** a d'fhéadfá a thabhairt isteach i do scoil chun laghdú a dhéanamh ar úsáid málaí plaisteacha.

- Póstaer nó feachtas ar na meáin shóisialta ar fud na scoile / Comórtas scoilbhunaithe chun daltaí a spreagadh chun laghdú a dhéanamh ar líon na málaí plaisteacha a úsáideann siad

An bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach.

**3.**

| | Ráiteas | Fíor / Bréagach |
|---|---|---|
| 1. | Tugtar Tithe an Oireachtais ar Dháil Éireann agus Seanad Éireann | Fíor |
| 2. | Tugtar Céim an Choiste ar an dara céim i gcéimeanna de Bhille | Bréagach |
| 3. | Tugtar Tánaiste ar cheannaire Rialtas na hÉireann | Bréagach |
| 4. | Tá 60 seanadóir i Seanad Éireann | Fíor |
| 5. | Nuair a théann billí tríd an Seanad seoltar é go huathoibríoch chuig Uachtarán na hÉireann le síniú | Bréagach |

**4.** Meaitseáil céimeanna de Bhille leis an míniú ceart sna spásanna thíos.

| Céimeanna | Míniú |
|---|---|
| 1. An Chéad Chéim | **A.** Pléitear prionsabail ghinearálta an Bhille |
| 2. Céim an Choiste | **B.** Ráitis deiridh a thabhairt ar an mBille |
| 3. An Chéim Dheiridh | **C.** Déantar mionscrúdú ar an mBille, alt ar alt agus is féidir leasuithe a dhéanamh |
| 4. An Dara Céim | **D.** Déantar meas ar leasuithe ón Tríú Céim |
| 5. Céim na Tuarascála | **E.** Cuirtear an Bille faoi bhráid an Tí |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| E | C | B | A | D |

**5.** Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart sna ráitis seo thíos.

**a.** Is sampla í an Cháin ar Tháirgí Tobac de **cháin Pheaca** / cáin Pigou.

**b.** Is féidir le **hairí rialtais** / baill den phobal billí a thabhairt chun cinn.

**c.** Tugtar an Taoiseach / **Tánaiste** ar leascheannasaí Dháil Éireann.

**d.** Is sampla de cháin Pheaca / **cáin Pigou** é an tobhach ar mhálaí plaisteacha.

**e.** Tugtar an **Chomh-Aireacht** / cábán ar an Taoiseach, ar an Tánaiste agus ar na hAirí.